

Tá áthas ar An Post i gcomhpháirtíocht le Cumann Múinteoirí Éireann tionscnamh nuálach litearthachta agus uimhirtheachta le cur chuige cluichithe agus atá dírithe ar dhaltáí i rang 5 & 6 a sheoladh;

## 'An Post Brain Busters'

Agus spreagadh á thógáil againn ó na módhanna agus ón spraoi a bhaineann le dúshlán seomraí éalaithe, tugaimid cuireadh do dhaltáí i rang 5 & 6 babhta gearr spráúil a chríochnú le cáiliú le hionadaíocht a dhéanamh ar son do scoile i gCraobh Náisiúnta mór le rá i mí Aibreáin 2022.

Tá ar dhaltáí i rang 5 & 6 tomhas gearr atá bunaithe ar scéal a chríochnú. Tá seo deartha ag múinteoirí bunscoile agus tá dúshlán litearthachta agus uimhirtheachta neadaithe ann



### Tá sé éasca páirt a ghlacadh ann!

Chun iontráil a dhéanamh, beidh ort:

- postaeer dúshlán ranga leis an scéal agus leis na treoracha
- teimpléad cleachtaidh gur féidir a chóipeáil do gach dalta (nó is féidir leo tabhairt faoin dúshlán ina gcóipleabhair fhéin)
- agus foirm iontrála don ionadaí ranga

Tabhair iontráil amháin ó do rang d'ionadaí foirne Chumann Múinteoirí Éireann do scoile a chuirfidh isteach chugainn í in éineacht leis na hiontrálacha eile ó do scoil.

Cuirfear gach múinteoir a chuireann iontráil isteach i gcrannchur le deireadh seachtaine saoire de luach €250 a bhuachaint!

Spriocdháta:  
**Dé Céadaoin**  
**17 Samhain**  
**2021**

### Cé a bheas mar sheaimpíní in 2022 ar chomórtas An Post Cloigeann Cliste na mbunscoileanna?

Má éiríonn le hionadaí ó do scoil áit ar an ngearrliosta a bhaint amach beidh an múinteoir in ann beirt eile a roghnú le dul ar an bhfoireann in éineacht leis/léi le dul go dtí an Craobh Náisiúnta. Aige sin beidh ar dheich bhfoireann 'an cás a bhriseadh' in 10 ndúshlán beo ag tástáil a gcuid scileanna litearthachta agus uimhirtheachta ar an mbealach.

Is múinteoirí a dhear agus a d'fhorbair an coincheap, na dúshlán agus na hábhair ar fad i gcomhar le hionchur ón matamaiticeoir cáiliúil Dr Finn MacLeod, ón eolaí Niamh Shaw agus ón údar Oisín McGann.

Bronnfar teastas ar gach duine a ghlacann páirt sa chraobh i mí Aibreáin. **Buafaidh an fhoireann is fearr €1000 dá scoil** agus gheobhaidh a múinteoir deireadh seachtaine saoire freisin.

Ba bhreá linn go mbeadh do scoil páirteach. Le haghaidh tuilleadh eolais féach le do thoil

[www.anpost.com/brainbusters](http://www.anpost.com/brainbusters) nó tar i dteagmháil linn ag [brainbusters@anpost.ie](mailto:brainbusters@anpost.ie) nó **01 522 4837**.